Bláthú!

Eagrán 18 Eanáir 2015

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,
Cuileán,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil.: 091 595337
www.comharnaionrai.ie

Is iad na síoga a rinne é!

Páistí as Naíonra Liospóil, Co. Chiarraí gléasta mar shíoga.

Córas Nua Íocaíochta

Chuir Pobal córas nua íocaíochtaí i bhfeidhm i mbliana chun déileáil le híocaíochtaí a thagann ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain luathoideachais saor in aisce agus cúram leanaí. Is PIP (Programme Implementation Platform) an teideal atá ar an gcóras seo agus is iad na hOifigigh Forbartha a chláraíonn na páistí ar fad I seirbhísí CNNG ar an gcóras. Tá sé fíor thábhachtach go gcuirtear na sonraí ceart ar fáil maidir leis na páistí i.e. an t-ainm atá ar an teastas breithe, an uimhir PPS agus mar sin de mar nach nglacfaidh an córas leis má tá aon éagsúlacht ann. Tá súil agus go ndéanfaidh an córas nua seo éascaíocht maidir le híocaíochtaí do na seirbhísí.

Sábháilteacht Bóthair

D'fhreastal Stiúrthóirí na Mumhan ar lá inseirbhíse ar shábháilteacht bóthair de chuid an Údárais um Shábháilteacht ar Bhóithre le gairid. Is tionscnamh nua é seo atá ag an Údarás dár teideal 'Simon agus a Chairde' agus tá sé dírithe ar pháistí réamhscoile. Clúdaíonn sé rudaí cosúil le greim ar lámha a chéile ag dul trasna an bhóthair, féachaint gach taobh sula dtrasnaíonn said agus nósanna sábháilteachta maith a chothú. Is í Catherine Flaherty a chuir an traenáil ar fáil don chúrsa.

Slán le Stiúrthóirí

D'éirigh beirt Príomh Stiúrthóir as obair sna Naíonraí i mbliana. B'iad sin Máire Áine Uí Mhurchú ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus Eibhlín Uí Chéilleachair ó Bhaile Bhuirne.

Máire Áine Uí Mhurchú

Eibhlín Uí Chéilleachair

Idir an bheirt acu bhí 53 bliana caite acu ag obair le páistí i Naíonraí Mhúscraí. Thosaigh Máire Áine ag obair i Naíonra Bhéal Átha an Ghaorthaidh sa bhliain 1979 agus deir sí go £2.50 sa tseachtain an táille a d'íoc tuismitheoirí dá bpáistí an t-am sin.

Is i 1996 a thosaigh Eibhlín ag obair i Naíonra Bhaile Bhuirne. Deir an bheirt bhan go bhfuil an-chuid athruithe tagtha sa réimse luathoideachas ó thosaigh siadsan ag obair ann agus gur dhein CNNG an saol i bhfad níos fusa dóibh nuair a tháinig sé ar an saol in 2004.

Go mbainfidh an bheirt acu sásamh is taitneamh as a gcuid ama saor. Braithfimid uainn go mór iad!

Cé hiad seo?

Cé atá taobh thiar de na maisc? Féach leathanach 5!

Naíonra Chnoc Fola, Co. Dhún na nGall

Tá Naíonra Chnoc Fola lonnaithe i Halla Pobail Chnoc Fola i gceantar Ghaoth Dobhair. Bhí an Naíonra ar siúl i seomra beag ar chúl an ardán sa halla ar feadh na mblianta. Sa Bhliain 2011 rinne an coiste iarratas ar dheontas Caipitiúil An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus d'éirigh leo deontas de €42,000 a fháil agus thóg siad seomra úr ar chúl an Halla Pobail. Tá áis iontach acu anois atá ar ardchaighdeán. Tá bród agus gliondar ar Choiste an Naíonra, ar na Stiúrthóirí agus ar phobal an cheantar faoi seo.

Maidir le Scéim Pleanála Teanga na heagraíochta cuireann foireann an Naíonra béim mhór ar saibhriú agus sealbhú na teanga trí puipéid, scéalaíocht comhrá agus ceol. Cloíonn siad le curaclam Loinnir a d'fhorbair CNNG do na Naíonraí le forbairt iomlán a dhéanamh ar gach páiste agus tá an curaclam Aistear agus an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, Síolta i bhfeidhm sa Naíonra chomh maith.

Bhí an-spraoi ag na páistí ag réiteach i gcomhair na Samhna. Bhí na Stiúrthóirí agus na páistí gléasta suas don choisir agus imríonn siad a lán cluichí agus déanann siad hataí agus maisc le haghaidh na hócáide.

Cuidíonn chluichí agus scéalaíochta go mór le páistí meas agus cineáltas a thaispeáint agus cuireann seo le forbairt mothúcháin agus sóisialta. Tugann seo deis do na páistí úsáid a bhaint as gnáthchaint an lae agus cuidíonn sé go mór le saibhriú agus sealbhú na teanga.

Is í Mairéad Uí Chathmhaoil Príomh Stiúrthóir an Naíonra agus is í Julianne Ní Loinsigh an Stiúrthóir.

Méara Bhostún i Naíonra Ros Muc

Ar an 22 Meán Fómhair tháinig Marty Walsh, Méara Chathair Bhostún ar cuairt chuig Naíonra Ros Muc nuair a bhí sé ar chamchuairt i gceantar Chonamara. Bhí bratacha na hÉireann agus brat Mheiriceá déanta ag na páistí sa Naíonra chun cuir lena bhfáilte. Dúirt siad an Rann Dhá Éinín Dheasa dó . Labhair Marty le gach páiste d'iarr sé dóibh "Cén t-ainm atá ort?" agus "Cén chaoi a bhfuil tú?"? Thug sé peann mar bhronntanas do gach duine. Beidh fé-iniúlacht ghrúpa ag leanaí mar a ndéanfar gaol leis an teaghlach agus leis an bpobal a aithint agus cur leis sin (Aistear Féiniúlacht agus Muintearas Aidhm 2). Is í Máire Áine Uí Chonaire atá ag feidhmiú mar Phríomh Stiúrthóir agus is í Caitlín Mhic Dhonacha atá in cuideachta.

Páistí as Naíonra Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach , Gaillimh ag ceiliúradh na Nollag

Naíonra an Mhachaire, Co. Dhún na nGall

D'oscail Naíonra An Mhachaire ar an 11ú Meán Fhómhair 2006 agus bhí ochtar páistí ag freastal ar an Naíonra, atá lonnaithe in ionad nua thógtha i mbaile beag fearainn An Mhachaire, atá suite ar chósta iar-thuaisceart Thír Chonaill.

Bunaíodh an Naíonra tar éis do ghrúpa beag daoine as an cheantar suirbhé a dhéanamh i 1996 a thaispeáin go raibh suas le 700 duine ina gcónaí ar an Mhachaire agus gur bheag áis a bhí ar fáil dóibh. Ainneoin go raibh grúpaí go leor ar nós Grúpa na mBan, An Banna Ceoil, Club Peile agus Club Óige lonnaithe sa cheantar, ní raibh áit ar bith acu teacht le chéile ach ina gcuid tithe féin.

Bhunaigh na grúpaí seo coiste úr "An Mhachaire le Chéile" chun an scéal sin a chur ina cheart. Ceann de phríomh aidhmeanna an choiste ná Naíonra a lonnú san ionad úr, ó tharla go raibh laghdú ag teacht ar labhairt na Gaeilge sa cheantar. Rinne an coiste iarratas ar CNNG sa bhliain 2005 chun Naíonra a bhunú agus sin a tharla i bhFómhar na bliana 2007.

Tá seachtar páistí cláraithe sa Naíonra i mbliana agus tá siad ag cleachtadh drama na Nollag gach lá ó tháinig siad le chéile tar éis briseadh na Samhna.

Cuireann siad an drama ar an ardán do na sean daoine san Ionad Lae roimh na Nollag agus do na teaghlaigh an lá dar gcionn. Tá clós súgartha ar an taobh amuigh den Ionad agus baineann na páistí ansult as seo.

Is í Eilín Ní Bhaoill an Príomh Stiúrthóir agus Moira Nic Grianna an Stiúrthóir agus tá siad ag obair sa Naíonra ó d'oscail sí.

Laochra Chiarraí

Páistí Naíonra an Daingin, Co. Chiarraí agus iad ag fáiltiú roimh Chorn Sam Mhic Uidhir....arís!

Páistí Glas

Páistí as Naíonra Bhréanainn, Co. Chiarraí amuigh ar shiúlóid nádúir.

Scéalta Nollag

Páistí as Naíonra Liospóil, Co. Chiarraí ag cur scéalta Nollag i láthair go cumasach.

Cuairt ar Sheirbhísí Luathoideachais agus Cúraim san Iorua

Mairéad Mac Con Iomaire

D'fhreastail cheithre dhuine agus fiche as an tír seo ar thuras staidéir chuig Trondheim san Iorua i Mí na Samhna seo caite. Is staidéar de chuid "Léargas" ar an luathoideachas agus cúram a bhí i gceist agus is iad *Early Childhood Ireland* a d'eagraigh é.

Bhí an turas staidéir seo thar a bheith suimiúil. Thug muid cuairt ar 6 *"Barnehage",* sin an t-ainm a thugann siad san Iorua ar an tseirbhís réamhscoile ar fad is cuma luathoideachas nó cúram atá i gceist agus feidhmíonn siad mar sheirbhís amháin. Tá an t-uafás pleanála curtha isteach i dtógáil na *Barnehages* acu, tá cuid mhaith talún isteach le gach ceann acu agus iad lonnaithe le taobh forais nó le taobh na farraige agus go leor spáis ag na páistí le bheith ag spaisteoireacht leo féin.

Tá béim thar cuimse acu ar an taobh amuigh agus bíonn na páistí taobh amuigh ag gach am is cuma cén chaoi a bhfuil an aimsir, fiú na páistí beaga sna cliabháin is taobh amuigh a bhíonn siad ina gcuid cliabháin ina gcodladh ach iad clúdaithe go maith. Tá an-bhéim acu freisin ar go leor athrú éadaigh feiliúnach don aimsir agus do na séasúir a bheith ag gach páiste. Deir siad nach bhfuil a leithéid de rud ann agus droch aimsir, díreach droch éadaigh! Creidim go láidir nach bhfuil aon údar nach bhféadfadh muid anseo cuid d'fhealsúnacht na hIorua a thabhairt linn maidir leis na páistí a bheith taobh amuigh is cuma cén sort aimsir atá ann ach an t-éadach ceart a bheith orthu.

Tá an saoirse tugtha don pháiste óg agus ní fhaigheann siad aon chúnamh le tas-canna a dhéanamh. Creidtear mura bhfuil an páiste ábalta an tasc nó an gníomh a dhéanamh nár chóir go mbeadh sé á dhéanamh in aon chor. Creideann siad go láidir sa chás agus go bhfuil an páiste ábalta mar shampla dreapadh suas i gcrann is cuma cé chomh hard gur chóir ligeann dó dul suas gan chabhair agus teacht anuas gan chabhair.

Creideann siad go bhfuil práinn le go mbeadh cleachtadh ag an bpáiste ó aois an-óg ar a bheith ag tógáil seansanna nó rioscaí. Cleachtar é sin sa mbaile freisin ón am a mbeirtear an páiste. Creideann siad de bharr an méid rioscaí a thógann na páistí ó bhreith go dtugann sin neamhspleáchas dóibh chomh maith le go bhfuil siad ábalta déileáil le gach contúirt ó bhreith go bás.

Tá stair an-fhada san Iorua ó thaobh cúram agus luathoideachas de. Bunaíodh an chéad *Barnehage* san Iorua sa mbliain 1843 agus is i 1968 a bunaíodh an chéad cheann sa tír seo. Tá ollscoil dá gcuid féin nach ndéileálann ach leis an luathoideachas agus cúram amháin, sin Ollscoil Queen Maud i Trondheim. Is féidir céim i gCúram Leanaí a dhéanamh in ollscoileanna eile san Iorua chomh maith. Tá cóimheas íseal páistí/daoine fásta acu i gcomparáid leis an tír seo; is 6 pháiste in aghaidh an duine fásta atá acu agus is 11 páiste in aghaidh an duine fásta atá againne maidir leis an tseirbhís luathoideachais de. Tá na fostaithe íoctha cosúil le múinteoirí bunscoile agus meánscoile agus tá go leor fir ag obair san earnáil rud nach bhfuil fíor anseo in Éirinn. Rud eile a fuair mé an-suimiúil nach bhfuil aon chultúr cásanna dlí acu sa tír ar chor ar bith.

Tá dream daoine san Iorua a dtugtar na *Sami* orthu agus tá siad lonnaithe den chuid is mó i dtuaisceart na tíre agus tá a dteanga agus a gcultúr féin acu. Tá a gcuid *Barnehages* féin acu agus tá aitheantas tugtha ag rialtas na hIorua dá dteanga agus dá gcultúr. Cuirtear gach ábhar ar fáil dóibh ina dteanga féin agus déileáiltear leo ina dteanga féin ach deir siad linn nach mar sin a bhí i gcónaí. Déanadh iarracht a dteanga agus a gcultúr a chuir faoi chois agus déanamh go leor idirdhealú ortha san am atá caite ach anois feiceann siad tábhacht cultúr agus teanga na ndaoine sin agus tá freastal a dhéanamh ortha dá réir fiú más déanach féin é. Tá seans fós linn mar sin sa tír seo go dtarlóidh an rud céanna maidir le freastal iomlán a thabhairt ar sheirbhísí Gaeilge na Gaeltachta.

Ceiliúradh an Fhómhair

Mar chuid de churaclam na Naíonraí déantar obair mhór maidir leis na séasúir agus leis na féilte éagsúla. Seo roinnt grianghraif maidir le rudaí a rinne na seirbhísí éagsúla timpeall na tire.

Páistí as an dá sheisiún i Naíonra na Rinne, Co. Phort Láirge ag taispeáint a gcuid gráinneoga!

Cóisir na Samhna ag páistí as an dá sheisiún i Naíonra Mhic Dara, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

An ghráinneog a thug cuairt ar Naíonra Thuar Mhic Éadaigh

Tar éis am lóin, chuaigh na páistí amach sa ghairdín chun bia a thabhairt do na héin. Cé a casadh orthu ach gráinneog bheag álainn. D'fhan sé sa spota céanna ar feadh tamall fada agus ansin rith sé leis agus chuaigh sé i bhfolach taobh thiar de chrann. Chaith na páistí píosa fada á cuardach ach theip orthu. Thaitin an ghráinneog thar barr leis na páistí, bhain siad an-sult as é a fheiceáil. Ní fhaca cuid acu gráinneog ri-amh roimhe sin! Bhí caint agus comhrá faoin ngráinneog ar feadh i bhfad sa Naíonra i ndiaidh sin agus rinne na páistí go leor rudaí deasa bunaithe ar shaol an ghráinneog agus bhí an bhród orthu á dtabhairt abhaile dá gcuid clann. Gach lá ó shin bíonn na páistí ag faire amach agus ag tnúth lena gcara nua a fheiceáil arís ach faraor níor tháinig sé ar cuairt ó shin.

Naíonra Bhaile Chláir, Co. na Gaillimhe

Naíonra Thuar Mhic Éadaigh

Bia Folláin I Naíonra Chois Fharraige, Co. Mhaigh Eo.

Imeachtaí Nollag 2014

Naíonra Bhaile Ghib, Baile Átha Buí, Co. na Mí

Naíonra Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe

Naíonra Ráth Chairn, Co. na Mí

Ionad Cúram Leanaí Charna, Co. na Gaillimhe

Naíonra na Dromoda, Co. Chiarraí

Naíonra Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe

Naíonra an Leithriúigh, Co. Chiarraí

Naíonra Chill Chiaráin, Co. na Gaillimhe

Naíonra na bhForbacha, Co. na Gaillimhe

Bláthú!